



**Comhairle Contae Loch Garman  
Plean Ealaíon 2023-27**

[www.wexfordcoco.ie](http://www.wexfordcoco.ie)

# Ag gabháil Á chumasú Saibhriú

**Comhairle Contae Loch Garman  
Plean Ealaíon 2023-27**

Íomhá Clúdaigh: Clár ealaíne poiblí 'An Urgent Enquiry', 2019.  
Grianghraf le Brian Cregan



# Clár na nÁbhar

<b>Réamhrá</b>	<b>p.7</b>
<b>Brollach</b>	<b>p.9</b>
<b>Caibidil 1 Próifíl &amp; Comhthéacs</b>	<b>p.21</b>
<b>Caibidil 2 Cúlra &amp; Ullmhúchán</b>	<b>p.33</b>
<b>Caibidil 3 Fís, Misean, agus Luachanna</b>	<b>p.39</b>
<b>Caibidil 4 Spriocanna agus Cuspóirí</b>	<b>p.47</b>
<b>Caibidil 5 Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú</b>	<b>p.63</b>

Arna fhoilsiú ag Comhairle Contae Loch Garman,  
An Charraig Leathan, Loch Garman

Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Loch Garman,  
An Charraig Leathan, Loch Garman

Fón: 053 919 6564 / 6369

rphost: [arts@wexfordcoco.ie](mailto:arts@wexfordcoco.ie)

[www.wexfordcoco.ie](http://www.wexfordcoco.ie)

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon ealaín den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, nó a tharchur, in aon fhoirm, nó ar mhodh ar bith, leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead scríofa a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Grianghrafadóireacht: Michael Duggan, Claudio Nego, Elaine Harrington,  
Brian Cregan, Becks Butler, Ionad Ealaíon Loch Garman.

Dearadh: Pure Designs

# Réamhrá



Tá féiniúlacht shaibhir ealaíonta agus chultúrtha ag Contae Loch Garman atá ag fás agus ag dul ó neart go neart i gcónaí. Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Loch Garman, tá lúcháir orm ár gcéad Phlean Ealaíon Eile, straitéis uailmhianach agus fhísiúil do na healaíona áitiúla agus dá bhforbairt i gContae Loch Garman thar na cúig bliana atá romhainn a chur faoi bhur mbráid. Idir 2023 agus 2027, cinnteoidh Oifig Ealaíon Loch Garman go díograiseach go mbeidh na healaíona ag croílár obair na comhairle agus cabhróidh sí linn díriú ar shaibhriú shaol mhuintir agus áiteanna Loch Garman.

Aithnímid an méid a chuireann na healaíona le folláine agus cáilíocht na beatha dár saoránaigh go léir, a luach intreach agus a ról i gcaomhnú agus i múnú na féiniúlachta agus na sainiúlachtaí cultúrtha áitiúla. Ní raibh luach na n-ealaíon dár saol chomh soiléir agus atá sé inniu. In aimsir an anró agus le linn paindéim dhomhanda, thug na healaíona compord agus chruthaigh siad nasc ríthábhachtach idir go leor daoine. Ceanglaíonn na healaíona sinn lenár gcomhdhaonnacht, agus cabhraíonn siad linn ár stair agus ár saol comhaimseartha inniu ann a thuiscint trí lionsa eile. Ach ní he sin bun agus barr an scéil – imríonn na healaíona ról fíor-thábhachtach freisin i gcomhdhéanamh áite inár mbailte agus sráidbhailte, ag feabhsú ár spásanna poiblí, chomh maith le cur lenár ngeilleagar áitiúil trí thurasóireacht chultúrtha agus trí na tionscail chruthaitheacha.

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag tnúth anois le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara eile ag teacht leis an straitéis uailmhianach seo, chun forbairt na n-ealaíon agus an chultúir a chur chun cinn, a chothú agus a thacú i gContae Loch Garman amach anseo. Is plean dinimiciúil é seo a bhfuil fíorchuspóir aige - chun Loch Garman a dhéanamh mar áit níos fearr le cónaí ann agus mar spás níos cruthaithí do chách. Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil le gach duine a bhfuil baint acu le forbairt an phlean seo agus táim ag tnúth le tacú lena chur i bhfeidhm sna blianta atá romhainn.

**An Comhairleoir John Fleming**  
Cathaoirleach

# Brollach

Tionscadal ealaíne poiblí 'Reimagining Enniscorthy'. Siúlóid fáil 2023.  
Grianghraf le Elaine Harrington



Ghlaic Comhairle Contae Loch Garman cur chuige réamhghníomhach nuálaíoch ag i gcónaí maidir le forbairt na n-ealaíon áitiúil ó bunaíodh an chéad Oifig Ealaíon den chomhairle contae beagnach tríocha bliain ó shin. Inniu tá cáil inmhaíte ar Loch Garman mar chontae a bhfuil barr feabhais chomh maith le féiniúlacht láidir ealaíne agus chultúrtha bainte amach aige sna healaíona, rud atá Comhairle Contae Loch Garman bródúil as agus tiomanta dá thacú agus dá fhorbairt as seo amach.

Tá na healaíona agus an cultúr ríthábhachtach dár gcaighdeán maireachtála agus dár bhfoláine sochaíoch, agus cuireann siad go mór lenár ngeilleagar áitiúil. Tá an plean ealaíne seo ag teacht le spriocanna ardleibhéil chomhairle contae Loch Garman, agus lenár gcéad Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil 2023-2028. Cuireann an plean uailmhianach seo na healaíona agus cultúr ag croílár d'obair chomhairle contae Loch Garman agus tá baint ag go leor ranna leis lena n-áirítear pobail, comhshaol, athbheochan uirbeach agus tuaithe, turasóireacht agus forbairt eacnamaíoch.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt in ullmhúcháin agus i bpróiseas comhairliúcháin forleathan an phlean seo. D'éisteamar le bhur aiseolas agus díreoimid ar ionchuidsiú do chách, ar nascadh agus ar chumarsáid, ar thacú le healaíontóirí agus le bonneagar ealaíon chomh maith le gníomhú ar son na haeráide agus ar ár mbithéagsúlacht ar leith agus ár n-oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn.

Táim ag tnúth le cur chun cinn na n-ealaíon i Loch Garman thar na blianta atá le teacht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Music Generation Loch Garman, Bord Oiliúna & Oideachais Loch Garman Phort Láirge (BOOLGPL) agus an FSS, tríd an gclár Arts Ability. Táim ag súil go mór le bheith ag obair le Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Craobh Loch Garman Comhaltas, agus an Fleadh Cheoil na hÉireann 2024 a reáchtáil i mBaile Loch Garman agus oidhreacht fhadtéarmach a thógáil timpeall uirthi.

Leanaimid lenár gcuid oibre lenár bpríomh-chomhpháirtí An Chomhairle Ealaíon a fheabhsú agus a threisiú trínár g Chomhaontú um Chreat Comhoibrithe, trí Shainscéim Foinithe na Comhairle Ealaíon chomh maith leis an gclár Creative Places d'Inis Córthaidh a fógraíodh le déanaí. Táimid ag tnúth freisin le bheith ag obair leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta sna blianta amach romhainn chun Clár Éire Chruthaitheach a chur chun cinn trínár bhFoireann Cultúir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt in ullmhúcháin agus i bpróiseas comhairliúcháin forleathan an phlean seo. D'éisteamar le bhur aiseolas agus díreoimid ar ionchuidsiú do chách, ar nascadh agus ar chumarsáid, ar thacú le healaíontóirí agus le bonneagar ealaíon chomh maith le hinbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide. Ní féidir an plean seo a bhaint amach ach trí chomhiarracht, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe ar fud na n-earnálacha go léir agus é á chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

**Tom Enright**  
Príomhfheidhmeannach



Taispeántas 'Making and Momentum' coimeádta ag Richard Malone, Comhairle Contae Loch Garman, 2022. Grianghraf le Claudio Negro





Taispeántas 'Totem Yoke', Maria McKinney, Comhairle Contae Loch Garman, 2021.  
Grianghraf le Frank Abruzzese

14



'Seedlings' Ceoldráma Aeráide, Music Generation Loch Garman,  
an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta

15





Ceardlann ISACS 'Where Dance Meets Street'. an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta.  
Féile Rince SpringMoves 2023.  
Grianghraf le Ness Keeley



18 19

# Caibidil 1

# Próifíl & Comhthéacs



Tá Contae Loch Garman suite in oirdheisceart na hÉireann, i dtírdhreach ar leith agus éagsúil ina bhfuil meascán neamhchoitianta de shléibhte, gleannta, aibhneacha, slabaí, flora , fána agus trána feadh a chósta 200km a bhainfeadh an anáil díot. Tá ceithre príomhbhaile sa chontae – Loch Garman, Guaire, Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin. Bhí daonra iomlán de 163,527 ag Contae Loch Garman in 2022, arb ionann é sin agus méadú 9.2% ar an daonra le 5 bliana anuas. Is í Comhairle Contae Loch Garman an t-údarás áitiúil don chontae a bhfuil 34 ball tofa aici agus atá roinnte i gcúig cheantar bardasach, Guaire, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin, Buirg Loch Garman agus Ros Láir. Tá an Chomhairle freagrach as raon seirbhísí lena n-áirítear tithíocht, pobail, bóithre, iompar, pleanáil agus forbairt, leabharlanna, na healaíona agus cultúr, an comhshaol agus seirbhísí éigeandála. Tá seirbhís mhaith ag an gContae mar gheall ar príomhbhonneagar agus ar Eorafocht Euro Ros Láir atá ag fás i gcónaí. Tá ról an-láidir ag an turasóireacht sa gheilleagar áitiúil, agus baineann Loch Garman tairbhe as a bheith rangaithe mar an contae is grianmhaire in Éirinn mar aon lena ainmniú mar chuid de Sheanoirthear na hÉireann.

163,527

daonra i 2022


9.2%

méadú le cúig bliana anuas

22

23

# Loch Garman Bardasach Ceantair



## An Oirdheisceart Ealaíonta

Tá oidhreacht shaibhir ealaíon agus chultúrtha ag Loch Garman le pobal ealaíonta bríomhar agus rannpháirteach atá ag fás i gcónaí. Baineadh é seo amach trí líon daoine aonair, ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus pobail a bhfuil sármhaitheas agus gradam bainte amach acu ar an stáitse áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Cibé an é éachtaí ealaíontóirí aonair nó Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman a bhfuil cáil dhomhanda uirthi, nó ar a cháil mar bhaile dé ceann de na hIonaid Ealaíne is sine agus is ceannródaí in Éirinn an tsat t tomhais, tá cúis eisceachtúil ag Loch Garman a bheith bródúil as a fhéiniúlacht ealaíne. Eascraíonn an Plean Ealaíon nua seo as comhthéacs gnóthachtála suntasacha sna healaíona i gContae Loch Garman thar na blianta, rud a léirítear inniu in éiceachóras ealaíon bríomhar. Cosúil le gach éiceachóras, ní mór é a chothú agus a thacú go cúramach le go mbeidh sé in ann é féin a chothú agus bláthú. Tá ár bhfís do na healaíona agus don chultúr don chéad chúig bliana eile leagtha amach sa phlean seo. Forbraíodh an plean trí éisteacht le agus riachtanais agus uaimhianta daoine ár bpobal maidir le healaíona agus cultúr i gContae Loch Garman agus trína bhfreagairt.

‘Ceolchoirmeacha Cúraim Covid, Mobile Music Machine,  
Ionad Cúraim Lae Naomh Aodháin, 2021.  
Grianghraf le Michael Duggan



24

## An Rannóg Ealaíon, Comhairle Contae Loch Garman

Ba é bunú na chéad Oifige Ealaíon de chuid Chomhairle Contae Loch Garman i 1995 a spreag forbairt straitéiseach agus phleanáilte na n-ealaíon sa chontae. Rinneadh ról seo a chomhdhlúthú trí sé phlean ealaíon roimhe seo a seachadadh idir 1995 agus 2022.

Is é ról Oifig na nEalaíon tacú leis na healaíona i gContae Loch Garman agus iad a chur chun cinn, rud a shaibhríonn cáilíocht na beatha do mhuintir Loch Garman agus do chuirteoirí araon. Ina theannta sin, tugann an Oifig Ealaíon comhairle agus tacaíocht don chomhairle maidir le gach ábhar ealaíne agus cultúrtha, chun tacaíocht leanúnach agus forbairt straitéiseach na n-ealaíon agus na n-ealaíon agus an bhonneagair chultúrtha sa chontae a chinntiú. Agus an Plean Ealaíon deiridh ‘Advancing the Arts’ 2018-22 á chur i bhfeidhm, neartaíodh na healaíona trína shuíomh mar chuid lárnach d’obair Chomhairle Contae Loch Garman, agus an plean ealaíon a ailíniú leis na spriocanna sóisialta, pobail agus eacnamaíochta ardleibhéil an Chomhairle Contae. Tá go leor déanta le cúig bliana anuas chun na healaíona a chur chun cinn i gContae Loch Garman. Tacaíodh lenár n-ealaíontóirí trí sparánachtaí d’ealaíontóirí, féilte ealaíon, cónaitheachtaí, spásanna oibre d’ealaíontóirí, oiliúint, meantóireacht agus deiseanna fostaíochta d’ealaíontóirí. Tá infheistíocht déanta ag Comhairle Contae Loch Garman sna healaíona, agus an síneadh ar Ionad Ealaíon Loch Garman curtha i gcrích, agus ár n-iarratas rathúil ar Fhleadh Cheoil na hÉireann 2024. Leanaimid ag tacú lenár n-ionaid ealaíon agus ár n-ionaid oibre d’ealaíontóirí agus infheistíocht a dhéanamh iontu agus fiosróimid samhlacha nua chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do riachtanais athraitheacha ealaíontóirí.

*“Thóg muid talamh nua i gcoimisiúnú na healaíne poiblí, a chuaigh i ngleic le daoine agus a bhí lonnaithe ar théamaí na gníomhaíochta aeráide agus na bithéagsúlachta.”*

25

Rinneamar infheistíocht inár bpobail trí breis rannpháirtíochta sna healaíona thar gach aois agus déimeagrafaic a éascú trí scéim leathnaithe na bPobal Cruthaitheach le tacaíocht ó Éire Chruthaitheach, scéim nua d'Fhéilte Ealaíon Beaga, agus leathnaíomar ár gclár ealaíon sa tsláinte ar fud an chontae i gcomhpháirtíocht le FSS. Ní raibh tábhacht na n-ealaíon agus an chultúir don tsochaí agus don fholláine ghinearálta chomh soiléir ná le linn Phaindéim Covid 19, agus d'fhorbair ealaíontóirí bealaí nua go tapa chun oibriú agus chun plé le pobail mar dhéantóirí, mar chomhoibritheoirí agus mar lucht féachana. Agus muid ag obair go dlúth le Clár Éire Chruthaitheach agus le Foireann Chultúir, chothaíomar níos mó comhoibrithe le pobail agus baineadh torthaí dearfacha amach maidir le comhdhéanamh áite, folláine, feasacht ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar forbairt eacnamaíoch.

Le cúig bliana anuas, d'fhorbair Comhairle Contae Loch Garman an réimse Scannánaíochta le bunú Screen Wexford. Bhíomar ceanrúdaíoch maidir le healaín phoiblí a choimisiúnú, a phlé le daoine agus le háiteanna i gcomhthéacs téamaí ar nós gníomhú ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta. Táimid ag thnúth le díriú ar an obair tras-rannach seo agus muid ag tosú amach ar na cúig bliana amach romhainn.

## Beartas náisiúnta do na healaíona

Faoin reachtaíocht náisiúnta, sonraítear san Acht Ealaíon 2003:

*Go n-ullmhóidh agus feidhmeoidh Údarás Áitiúil pleananna chun na healaíona a fhorbairt laistigh dá limistéar feidhme, agus le linn dó déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé aird ar bheartais an rialtais maidir leis na healaíona.*

Na healaíona mar atá sainmhínithe san Acht Ealaíon, 2023:

*Aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínithe (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) i gcibé foirm, agus lena n-áirítear, amharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, rince, ceoldráma, scannán, sorcas, agus ailtireacht agus lena n-áirítear aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin.*

Aithnímid freisin gur tháinig éabhlóid ar fhoirmeacha ealaíne agus go bhfuil na teorainneacha idir foirmeacha ealaíne éirithe níos doiléire ó forbraíodh an sainmhíniú seo ar na healaíona. Aithnímid é seo agus táimid ag tnúth le tacú leis na healaíona agus leis an gcultúr agus de réir mar a leanann siad ag forbairt agus ag bláthú sna blianta amach romhainn.

## Bonn eolas a chur lenár straitéis

Tagann an straitéis seo leis na beartais straitéiseacha náisiúnta ealaíon agus cultúrtha seo a leanas agus féachann sí lena gcur chun cinn.

### Cultúr 2025

Is é **Cultúr 2025** creatbheartas an rialtais don chultúr. Tá sé mar aidhm aige ‘saol gach duine a shaibhriú trí rannpháirtíocht i saol cultúrtha an náisiúin agus deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht mhéadaithe ár saoránach’.

### Making Great Art Work (2016-2025)

Is straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon é **Making Great Art Work (2016-2025)**, ina bhfuil tosaíochtaí leagtha amach ag díriú ar an ealaíontóir, rannpháirtíocht phoiblí, infheistíocht, pleanáil spásúil agus dhéimeagrafach, agus forbairt acmhainneachta.

**Beartas Comhionannais, Cearta Daonna agus Éagsúlachta na Comhairle Ealaíon** a dhéanann ‘gach iarracht meas a léiriú ar, tacaíocht a thabhairt do gach guth agus cultúr in Éirinn sa lá atá inniu ann ahus iad a chuimsiú, ó gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus pobail nua agus ó gach cúlra sóisialta agus eitneach agus traidisiúin’.

Beartas na Comhairle Ealaíon **An tEalaíontóir a Íoc** a chuireann ‘focaíocht agus conraitheoireacht chothrom chun cinn sna healaíona’.

**Beartas Áite, Spáis agus Daoine na Comhairle Ealaíon**, creat a cruthaíodh le déanaí maidir le cothromas sochspásúil sna healaíona, a shamhlaíonn ‘tír ina bhfuil an deis ag gach duine a bheith páirteach sna healaíona agus taitneamh a bhaint astu, beag beann ar cé hiad nó cá bhfuil siad ina gcónaí nó ag obair’.

### hÉire Chruthaitheach

Cuireadh síneadh ama le **hÉire Chruthaitheach**, an clár cruthaitheachta agus folláine uile-Rialtais ar feadh cúig bliana eile agus leanfaidh sé go dtí 2027. Sa tréimhse leathnaithe seo den chlár, eagróidh sé a cuid oibre timpeall cúig cholún: An Óige Chruthaitheach, Pobail Chruthaitheacha, Sláinte agus Folláine Chruthaitheach, Gníomhú Chruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, Tionscail Chruthaitheacha. Sheol Comhairle Contae Loch Garman a dara Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027 le déanaí atá á cur i bhfeidhm ag an bhFoireann Chultúir.

## Creat-Chomhaontú Loch Garman leis an gComhairle Ealaíon 2018-2025

In 2018, rinne Comhairle Contae Loch Garman comhaontú foirmiúil seacht mbliana leis an gComhairle Ealaíon (Creat-Chomhaontú 2018-2025) a rinneadh i gcomhthéacs thimpeallacht mhéadaitheach an bheartais chultúir i gcoitinne, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, do na healaíona agus do phobail chruthaitheacha. Cothaíonn agus forbraíonn an chomhpháirtíocht oibre seo na healaíona i gContae Loch Garman ar bhealach comhtháite ina gcreidtear gur féidir le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an gComhairle Ealaíon na healaíona a neartú agus rochtain, agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú trí bheith ag obair níos dlúithe le chéile. Cinnteimid go ndéanfar ár dtosaíochtaí do na healaíona i gContae Loch Garman a ailíniú sna blianta atá romhainn, trí Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe agus nuashonraithe idir Comhairle Contae Loch Garman agus an Chomhairle Ealaíon.

## Creataí beartais áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Tá an Plean Ealaíon nua seo ag teacht freisin le roinnt creataí agus pleananna tábhachtacha áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Tionscadal Éireann 2040, Plean Forbartha Chontae Loch Garman (2022-2028), An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP 2023-2028), An Plean Corparáideach. (2019-2024), Straitéis Loch Garman um Athrú Aeráide & Oiriúnú (2019-2024). Tá an Plean Ealaíon seo bunaithe freisin ar phríomhréimsí eile d’obair na comhairle, lena n-áirítear Plean Bithéagsúlachta Loch Garman, An Straitéis Aoisbhá (2022-2026), Plean Forbartha na Leabharlann (2020-2025) agus An Creat Éire Shláintiúil.

Tuigimid freisin comhthéacs Eorpach ár gcuid oibre agus leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta agus bunaímid a bhfuil á dhéanamh againn ar chláir forbartha atá ann le fada an lá ar nós Interreg - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Eoraip Chruthaitheach. Tá go leor d’uaimhianta an Phlean Ealaíon seo ag teacht le príonsabail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar ghlac ballstáit uile na NA leo in 2015.

Cruthaíonn na creataí agus na beartais seo comhthéacs dearfach d’fhorbairt na n-ealaíon atá nasctha le forbairt shocheacnamaíoch agus chultúrtha an chontae i gcoitinne.

These frameworks and policies offer a positive context for the development of the arts linked to the wider socio-economic and cultural development of the county.



'Seedlings' Ceoldráma Aeráide, Music Generation Loch Garman,  
an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta  
Grianghraf le Zena O' Brien

30

31



**Caibidil 2**

**Cúlra &  
Ullmhúchán**



## Athbhreithniú Inmheánach

Is éard a bhí i gceist le céimeanna tosaigh ullmhú na straitéise seo ná sonraí agus eolas socheacnamaíoch ábhartha do Chontae Loch Garman a bhailiú agus a scrúdú. Bhí athbhreithniú straitéiseach mionsonraithe i gceist leis freisin ar an bPlean Ealaíon deiridh a rinneadh in 2021, lena n-áirítear anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil a thorthaí. D'aithin an t-athbhreithniú seo éachtaí suntasacha go dtí seo agus chomh maith le dúshlán agus rinneadh sraith moltaí don chéad phlean ealaíon eile.

## Comhairliúcháin phoiblí

Reáchtáladh comhphróiseas comhairliúcháin don Phlean Ealaíon agus don Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta. Chuimsigh sé seo cúig ghrúpa fócais a reáchtáladh sna cúig cheantar bhardasacha ar phríomhthéamaí a d'aithin na foirne ealaíon agus cultúir. Tharla comhairliúchán grúpa fócais ar leith ann freisin le daoine óga ó Chomhairle na N'OG. San iomlán ghlac 172 duine páirt sna cruinnithe daoine le daoine seo.

An Scéim um Thaibhithe Beo Áitiúil 2021, 'Extreme Rhythm' i bPáirc na Leabharlainne, Ros Mhic Thriúin. Grianghraf le Pádraig Grant

Fuarthas aiseolas níos doimhne ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí ealaíon agus ó phobail trí aighneachtaí scríofa trí shuirbhé ar líne a scaip foirne na hOifige Ealaíon agus Cultúir. Reáchtáladh sraith cruinnithe duine le duine idir príomheagraíochtaí ealaíon, príomhpháirtithe straitéiseacha, an bhainistíocht shinsearach agus páirtithe leasmhara laistigh de Chomhairle Contae Loch Garman. Tugann an próiseas comhairliúcháin agus an t-aiseolas seo léargas iontach ar na dúshlán a bhíonn roimh ealaíontóirí aonair, eagraíochtaí ealaíon agus pobail áitiúla ó lá go lá. Aithníonn sé deiseanna féideartha freisin, agus tá ról rithábhachtach aige i múnú ár straitéise ionas gur féidir léi oibriú ar mhaithe le cách.

Chlúdaigh anailís sonraí agus topaicí a ardaíodh le linn rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara raon leathan agus éagsúil saincheistean. Bhí siad ag croílár mhúnú na sé sprioc a stiúran an straitéis foriomlán.

## Cad a dúirt daoine linn?

Bhí nasc an-láidir idir na fócasghrúpaí agus na haighneachtaí scríofa ó thaobh téamaí agus uailmhianta de. Is féidir iad a bhraisliú go leathan faoi cheithre phríomhthéama:

- > **Nascadh agus cumarsáid**
- > **Bonneagar Ealaíon a thacú**
- > **Ionchuimsiú agus rochtain ar na healaíona**
- > **Inbhuanaitheacht agus an comhshaol**



## Nascadh agus cumarsáid

Cé gur aithníodh go bhfuil saibhreas ollmhór tallainne ealaíne ag Loch Garman le himeachtaí ealaíon agus cultúrtha ar siúl go rialta ar fud an chontae, ní raibh ealaíontóirí ná pobail ag roinnt an eolais seo nó ag nascadh a ndóthain. I dteannta a chéile, tá ár bpobail ag iarraidh níos mó nasctha agus rochtana ar eispéiris chultúrtha, cibé an bhfuil cónaí orthu i dtimpeallacht uirbeach nó i dtimpeallacht tuaithe. Teastaíonn níos mó bealaí ó ealaíontóirí chun nascadh agus líonrú a dhéanamh eatarthu féin, chomh maith le pobail áitiúla, agus mar an gcéanna bhí pobail áitiúla ag iarraidh nascadh níos fearr a dhéanamh le healaíontóirí le haghaidh eispéiris ealaíon agus cultúrtha. Iarradh imeachtaí rialta líonraithe, clinici faisnéise, nuachtlitreacha, slótáin raidió áitiúil nó roinnt a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sa chontae.

## Ealaíontóirí agus Bonneagar Ealaíon a thacú

Cé gur aithníodh go raibh cáilíocht an bhonneagair ealaíon sách maith ar an iomlán le príomhionaid mar shampla Ionad Ealaíon Loch Garman, an Teach Ceoldrámaíochta Náisiúnta, Ionad Ealaíon na Toirbhirte, Inis Córthaidh, Naomh Mícheál i Ros Mhic Thriúin agus Scoil Ealaíne Ghuaire, tá easpa áiteanna agus spásanna oiriúnacha agus inacmhainne fós ann do cheoltóirí agus d'ealaíontóirí chun taibhithe agus cleachtadh a dhéanamh iontu, chomh maith le spásanna inacmhainne do ghrúpaí áitiúla agus do dhaoine óga chun saothair a léiriú agus a thaispeáint. D'éiligh ealaíontóirí freisin go mbeadh spásanna oibre níos solúbtha agus níos comhoibríoch ar fáil d'ealaíontóirí ar fud an chontae, agus go bhforbrófaí breis samhlacha taibhithe nó cónaitheachta soghluaiste/'tobspásanna' d'ealaíontóirí a d'fhéadfadh iad a bogadh ar fud an chontae d'fhonn nascadh le pobail na tuaithe. Moladh úsáid chruthaitheach agus sofhreagrúil a bhaint as an mbonneagar pobail atá ann cheana féin go háirithe i gceantair thuaithe. Iarradh freisin hallaí CLG pobail agus Paróiste, páirceanna poiblí, agus spásanna poiblí eile a bheith ar fáil, le haghaidh imeachtaí agus ceardlann ealaíon agus cultúir. Moladh freisin spásanna folmha nó tréigthe a ghníomhachtú, go háirithe laistigh de bhailte le haghaidh úsáid chultúrtha agus tobimeachtaí ealaíne mar chuid de chlár athnuachana. Aithníodh obair leanúnach d'ealaíontóirí i gcomhthéacsanna am óige, pobail agus sláinte agus fáiltíodh roimh oiliúint agus breisoiliúint d'ealaíontóirí, chomh maith le sparánachtaí agus deiseanna cónaitheachta ealaíontóirí.

36

'An Urgent Enquiry' MISSING Idirghabháil Ealaíne Poiblí le Mark Clare, 2019.  
Grianghraf le Brian Cregan

## Ionchuimsiú dóisialta agus rochtain ar na healaíona

Bhí breis ionchuimsithe agus inrochtaineachta ar na healaíona mar phríomhthéama sa phróiseas comhairliúcháin, lenar áiríodh rochtain níos fisiciúla ar spásanna ealaíon, ar cheardlanna agus ar imeachtaí cultúrtha do dhaoine a bhfuil riachtanais rochtana ar leith acu. Iarradh sna comhairliúcháin freisin go mbeadh rochtain níos cothroime ar eispéiris ealaíon agus chultúir do ghrúpaí a bhfuil sé níos deacra plé leo, do phobail tuaithe, do dhéagóirí, do phobail nua, don lucht siúil agus do dhaoine scothaosta. Pléadh an deighilt uirbeach/tuaithe agus aithníodh easpa iompair i gceantair thuaithe mar phríomhbhac ar rochtain ar na healaíona. Pléadh freisin an litearthacht agus an deighilt dhigiteach mar bhac ar rochtain do chách. Iarradh nósanna imeachta iarratais ar mhaoiniú níos inrochtana do chlár na hOifige Ealaíon agus Éire Chruthaitheach.

## An comhshaol, inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide

Díríodh ar ár dtimpeallacht a shaibhriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn trí na healaíona chomh maith le hathrú iompraíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide. Pléadh bithéagsúlacht shaibhir Loch Garman agus ról na n-ealaíon maidir le feasacht a ardú ar bithéagsúlacht agus ar ghníomhaíochtaí aeráide chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh air sin. Lorgaíodh clár chruthaitheacha maidir le gníomhú ar son na haeráide, ár mbithéagsúlacht a cheiliúradh, inbhuanaitheacht agus tionscnaimh ghlasaithe a nascadh le grúpaí áitiúla agus leis na Bailte Slachtmhara. Ina theannta sin, pléadh oidhreacht uathúil ailtireachta agus chultúrtha Loch Garman agus an tábhacht a bhaineann le scileanna ealaíon traidisiúnta agus cultúrtha a chur ar aghaidh.



# Caibidil 3

**Fís, Misean,  
agus  
Luachanna**



# FÍS

Is í ár bhfís earnáil chruthaitheach bhríomhar, dinimiciúil agus rannpháirteach ealaíon a chruthú a bhfuil luach uirthi mar chuid lárnach d'fhorbairt Chontae Loch Garman.

# MISEAN

Déanaimid na healaíona agus gníomhaíocht chruthaitheach a chumasú agus a chur chun cinn sa chontae trí na straitéisí seo a leanas:

An pobal a bheith rannpháirteach sna healaíona mar rannpháirtithe agus mar lucht féachana.

Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí nua a chothaíonn acmhainn agus bonneagar in earnáil na n-ealaíon a chumasú.

Cáilíocht beatha, cáilíocht áite agus cáilíocht fostaíochta a shaibhriú do chách trí na healaíona.



Léaráid: Na hEalaíona ag obair le chéile chun Spriocanna Ardleibhéil Chomhairle Contae Loch Garman a bhaint amach

## Lárnacht an Ealaíontóra in Earnáil Dinimiciúla Ealaíon Cruthaitheach

Creideann Comhairle Contae Loch Garman go bhfuil ról an ealaíontóra lárnach sa saol poiblí, bíodh sé léirithe trí íomhánna, ceol, teanga, gluaiseacht nó ar an scáileán mór. Tá luach ag baint le léiriú machnamhach ealaíontóirí ar ár saol laethúil, cibé acu beag nó mór, mar shaibhriú ár bpobal ar fad trí rannpháirtíocht chéadfach, mhothúchánach, intleachtúil agus chruthaitheach.

Agus ár bhfís agus ár misean á gcomhlíonadh, oibreimid lena chinntiú go mbeidh guth an ealaíontóra chun tosaigh agus go mbeidh baint dhíreach ag ealaíontóirí ó gach disciplín. Aithnímid go mbeidh earnáil ealaíon bhríomhar, dhinimiciúil rithabhachtach dár rathúlacht. Teastaíonn uainn go mbeadh Contae Loch Garman ina áit inar féidir le healaíontóirí maireachtáil agus oibriú; a bheith mar bhunáit ónar féidir leo slí bheatha a thógáil, le tacaíocht ó éiceolaíocht ealaíon agus cultúrtha cumasaithe.

Stiúideonna Ealaíontóirí an Mhoil Chruthaitheach, Baile Loch Garman.  
Grianghraf le Michael Duggan

## Na hEalaíona a Chomhtháthú le Creatanna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Ag tógáil ar thraidisiún na hOifige Ealaíon maidir leis na healaíona a chomhtháthú laistigh de na creatáil forbartha socheacnamaíocha agus cultúrtha i gcoitinne, luaigh *Plean na nEalaíon chun na hEalaíona a Chur Chun Cinn 2018-22* an uaimhian do na healaíona trí ailíniú le fis agus le spriocanna ardleibhéil Phlean Eacnamaíochta Áitiúil agus Pobail Loch Garman (LECP) 2016-2021. Ar an mbealach seo, bhí na healaíona suite mar mheán lárnach chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean agus chun feasacht a ardú ar an méid uathúil a chuireann na healaíona le cháilíocht na beatha, leis an tsláinte agus leis an bhfolláine agus an geilleagar áitiúil. Tháinig ról uathúil agus riachtanach na n-ealaíon ar mhaithe le folláine chun tosaigh go háirithe le linn phaindéim Covid. Leanfaidh an Oifig Ealaíon ag cur leis an gcur chuige tras-rannach amach seo trí bheith mar bhall den choiste comhairleach an LECP agus trí thuilleadh ailínithe a dhéanamh le spriocanna ardleibhéil an chéad LECP eile 2023-2028.

'Ceolchoirmeacha Cúraim Covid, Mobile Music Machine, Ionad Cúraim Lae Naomh Aodháin, 2021.  
Grianghraf le Michael Duggan





## Tosaíochtaí Straitéiseacha do na healaíona

Tríd an aiseolas láidir ónár bpróiseas comhairliúcháin pobail do na pleananna ealaíon agus cultúir, leis an bhfócas ar ionchuimsiú, ar nascadh, ar thacaíochtaí d’ealaíontóirí, agus ar inbhuanaitheacht, tá sé sprioc straitéiseacha aitheanta againn don chéad phlean ealaíon eile a thagann freisin le príomhspricanna ardleibhéil Chomhairle Contae Loch Garman agus an chéad Phlean Áitiúil Eachnamaíoch agus Pobail eile 023-28.

Chomh maith leis na sé sprioc seo, beidh fócas polasaí ar Éagsúlacht, Ionchuimsiú Sóisialta & Comhionannas mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre go léir, ag tabhairt bonn eolais do na gníomhartha a dhéanaimid chun ár gcuspóir a bhaint amach. Ina theannta sin, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre tá beartas idirnáisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe mar atá leagtha amach ar Spricanna na NA ar Fhorbairt Inbhuanaithe, agus beartas náisiúnta faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Seedlings' Ceoldráma Aeráide, Music Generation Loch Garman, an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta 2023. Grianghraf le Zena O' Brien



# Caibidil 4

# Spriocanna, Cuspóirí & Gníomhartha Pleanáilte





# Spríoc 1:

## Ionchuimsiú Sóisialta, Comhionannas, Éagsúlacht agus Folláine a chur chun cinn inár bpobail.

### Ealaín do chách

*Is contae ilghnéitheach é Contae Loch Garman le pócaí suntasacha mibhuntaíste ar fud an chontae i gcomhthéacsanna tuaithe agus uirbeacha araon, chomh maith le céatadán ard de theaghlaigh i ngrúpaí pá íseal agus scileanna ísle. Laistigh de dhaonra an chontae atá ag dul i méid, tá méadú suntasach ar líon na ndaoine scothaosta. Ina theannta sin le blianta beaga anuas tá Loch Garman tar éis éirí níos éagsúla ó thaobh cultúir de. Bíonn eisiámh nó bacainní ag go leor pobal i Loch Garman ar pháirt a ghlacadh sna healaíona, uaireanta bíonn na bacainní sin sofheicthe agus uaireanta bíonn siad dofheicthe. Comhlíonann na healaíona feidhmeanna an-speisialta a chothaíonn cruthaitheacht agus folláine an duine aonair agus an phobail: cothaíonn na hEalaíona muinín, tugann na hEalaíona daoine le chéile agus sáraíonn na hEalaíona bearnaíú – gach ceann acu ina príomhréimsí maidir le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn.*

‘Geolchoirmeacha Cúraim Covid, Mobile Music Machine, Teach Altranais an Bhaile Lair, 2021.  
Grianghraf le Michael Duggan



### Cuspóirí

- Rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a spreagadh trí ealaíona cruthaitheacha, inrochtana agus ionchuimsitheacha i gcláir phobail.
- Na healaíona a fhorbairt mar mhodh éifeachtach chun plé le pobail a bhfuil sé níos deacra dul i bhfeidhm leo, a chuireann saoránacht ghníomhach, comhionannas agus éagsúlacht chun cinn.
- Feasacht a ardú ar ról na n-ealaíon maidir le folláine mheabhrach a chur chun cinn agus pobail shláintiúla a thógáil.

### Gníomhartha Beartaithe


- Cinntiú go bhfuil deiseanna éagsúla ann do phobail ar fud Chontae Loch Garman rochtain bhríoch a fháil ar na healaíona agus ar an gcultúr, trasna foirmeacha ealaíne, mar rannpháirtithe nó mar bhaill den lucht féachana.
- Tionscnaimh a chothú agus a fhorbairt a dhíríonn ar riachtanais na ngrúpaí aitheanta agus a chuireann comhionannas agus éagsúlacht chun cinn, i measc leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, pobail nua, an Lucht Siúil, pobail tuaithe agus pobail eile nach bhfuil dóthain ionadaíochta déanta orthu.
- Idirphlé leanúnach a dhéanamh le pobail imeallaithe chun a chinntiú go bhfuil a bhfuil de dhíth orthu le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha sa chontae acu.
- Leanúint le comhpháirtíochtaí a chruthú le páirtithe leasmhara nua agus iad a aithint ar fud na n-ealaíon agus an chultúir, Éire Chruthaitheach, seirbhísí oideachais, sláinte agus pobail, chun fáil réidh le bacainní ar rannpháirtíocht ealaíon agus chultúir agus clársceidealú cuí ealaíon a fhorbairt.
- Cur chuige nua a thástáil maidir le clár ealaíon rannpháirtíochta a dhíríonn ar phobail a bhfuil se níos deacra iad a shroicheadh, ag obair i gcomhar le raon comhpháirtithe lena n-áirítear an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, ( LCDC ) Éire Chruthaitheach, an Chomhairle Ealaíon agus Áiteanna Cruthaitheacha Inis Córthaidh chomh maith le hoifigí na cúig Cheantar Bhardasacha.
- Leanúint ag tógáil ar chláir na nEalaíon sa Phobal agus sna hEalaíona sa tSláinte agus iad a dhoimhniú, go háirithe cláir a thacaíonn le meabhairshláinte agus le folláine dhearfach.
- Roinnt rialta eolas a chumasú maidir le gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha agus deiseanna do phobail dul i ngleic leis na healaíona agus nascadh le healaíontóirí. ar fud an chontae.
- Tacaíochtaí breise a thabhairt nuair is gá, le cur ar chumas daoine aonair agus grúpaí pobail rochtain chothrom a bheith acu ar na healaíona agus ar an gcultúr, ó nósanna imeachta iarratais ar mhaoiniú go clinici eolais, agus imeachtaí cultúrtha a óstáil.

# Spríoc 2:

## Cultúr Gnóthachtála Oideachais agus Foghlama ar Feadh an tSaoil a chothú.

### Na hEalaíona san Oideachas

Tá líon mór daoine óga i Loch Garman, líon atá ag dul i méid. Tá ráta luathfhágála scoile níos airde ná meánlíon an stáit agus tá tionchar ag gnóthachtáil íseal oideachais ar an bhfórsa saothair, nach bhfuil chomh hoilte i gcomparáid le is an meán náisiúnta. Tá cothú cultúir ghnóthachtála san oideachas bunriachtanach d'inhuanaitheacht agus d'fhorbairt fhadtéarmach an chontae agus tá ról lárnach ag na healaíona i mbaint amach na spriocanna seo. Tá ról ríthábhachtach ag eispéiris foghlama ealaíon maidir le cruthaitheacht, samhlaíocht agus nuálaíocht na ndaltaí a fhorbairt. Tá níos mó aitheantais tugtha do na hacmhainní seo mar chroiscileanna agus croí-inniúlachtaí atá de dhíth ar gach dalta sa 21ú haois mar chuid d'oideachas ardchaighdeáin. Ina theannta sin, tá rochtain ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, agus breisoiliúint do dhaoine de gach aois agus imthosca, ríthábhachtach chun fórsa saothair oilte, cruthaitheach agus solúbtha a fhorbairt a bheidh in ann dul i ngleic le riachtanais agus teicneolaíochtaí athraitheacha sa 21ú hAois ar aghaidh.



Ceardlann scoile 'Living Arts' i Halla an Chontae, 2022.  
Grianghraf le hIonad Ealaíon Loch Garman

### Cuspóirí

- Feabhas a chur ar shásamh oideachasúil trí chláir ealaíon san oideachas atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus cuimsitheach a fhorbairt.
- Na healaíona a fhorbairt mar mhodh éifeachtach chun plé le daoine óga a bhfuil sé níos deacra iad a shroicheadh le haghaidh cuspóirí féinléirithe agus chun feasacht a ardú ar roghanna sna gairmeacha cruthaitheacha.
- Cumas a fhorbairt i measc ealaíontóirí ag gach céim dá ngairm bheatha, agus iad siúd atá ag iarraidh dul isteach sna healaíona agus sna tionscail chruthaitheacha.

### Gníomhartha Beartaithe

- Leanúint ag infheistiú agus ag forbairt clár ealaíon in oideachas (foirmiúil agus neamhfoirmiúil) lenár gcomhpháirtithe cláir, Music Generation Loch Garman, BOOLGPL, Scoileanna Cruthaitheacha, Ionad Ealaíon Loch Garman, agus deiseanna comhpháirtíochta nua a aithint de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Acmhainn a thógáil i measc scoileanna agus múinteoirí agus cláir óige chun cláir ardchaighdeáin ealaíon san oideachas a sheachadadh.
- Comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le páirtithe leasmhara ábhartha ó earnálacha na óige, na bpobal, deonach agus ó earnáil na cruthaitheacha chun díriú ar dhaoine óga a bhfuil sé níos deacra iad a shroicheadh.
- Leanúint ag infheistiú i dtionscnaimh ealaíon don aos óg a fhreagraíonn do riachtanais daoine óga i scannánaíocht don aos óg, i ndrámáíocht na n-óg, i sorcas sóisialta agus i réimsí eile.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha ar nós Ollscoil Theicniúil an Oirdheiscirt (SETU), BOOLGPL agus Screen Loch Garman chun conairí chun cinn gairme a fhorbairt do dhaoine óga, d'ealaíontóirí sna healaíona, sna tionscail chruthaitheacha agus i dtionscal na scannánaíochta.
- Tacú le céimithe ealaíon agus ealaíontóirí ag gach aois agus céim dá ngairm rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaol, trí oiliúint ábhartha agus uas-sciliú, chun tacú lena ndul chun cinn gairme agus lena n-ullmhacht oibre.

# Spríoc 3:

**Contae Loch Garman a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta den scoth, ionas gur áit tharraingteach é le maireachtáil, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air.**

## Ealaín sa réimse poiblí

*Is contae saibhir é Loch Garman ó thaobh oidhreacht chultúrtha de lena n-áirítear ailtireacht, ceardaíocht thraidisiúnta, foirgnimh stairiúla, iarsmaí seandálaíochta, a oidhreacht uathúil Normannach chomh maith lena acmhainní dobhraithe ar nós a thraidisiún agus a scéalta. Tá an contae ar cheann de na príomhionaid turasóireachta in Éirinn, agus cóstaí eisceachtúla, tránna, tearmainn fiadhúlra, caisleáin, gairdíní, chomh maith le himeachtaí ealaíon agus cultúrtha ar ardchaighdeán, féilte ealaíon agus ionaid ealaíon a bhfuil cáil dhomhanda orthu. Tá na healaíona agus an cultúr ina gcuid shainiúil d'íomhá phoiblí Loch Garman agus is iad dlúth agus inneach thairiscint turasóireachta an chontae agus cuireann siad go dearfach le comhdhéanamh áite i gcomhthéacsanna tuaithe agus uirbeacha araon.*

## Cuspóirí

- Infheistíocht a spreagadh i mbonneagar ealaíon agus cultúrtha ar bhealach atá straitéiseach agus inbhuanaithe agus a fhreastalaíonn ar riachtanais reatha ealaíontóirí agus an phobail.
- Cumas na comhairle a neartú maidir le cultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú trasna comhdhéanamh áite, athbheochana agus áiteanna níos beoga, cruthaitheacha agus inbhuanaithe a fhorbairt.
- Tacú le forbairt straitéiseach féilte ealaíon agus le tionscnaimh chruthaitheacha comhdhéanta áite eile agus cabhrú le hacmhainn a thógáil laistigh den earnáil.
- Straitéis Ealaíne Poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann cláir ealaíne poiblí uailmhianacha agus nuálaíochta chun cinn, a chruthaíonn beocht sa réimse poiblí agus a chuireann go dearfach le comhdhéanamh áite.

## Gníomhartha Beartaithe

- Leanúint ag obair go straitéiseach agus infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar ealaíon agus cultúrtha ar fud an chontae.
- Spásanna reatha agus féideartha a aithint do ghníomhaíocht chruthaitheach ar fud an chontae laistigh de bhonneagar pobail agus paróiste áitiúil, go háirithe i gcomhthéacsanna tuaithe, in ar féidir le níos mó pobal rochtain a fháil ar tairiscintí ealaíon agus cultúrtha atá ar ardchaighdeán.
- Tacaíocht a sholáthar d'fhéilte ealaíon agus cultúrtha ar fud an chontae le go mbainfidh gach duine taitneamh astu i gcomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe araon le heagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Cabhrú le cumas féilte a mhéadú trí mheantóireacht agus trí thacaíochtaí oiliúna.
- Tacú le forbairt Oíche an Chultúir i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon agus na cúig cheantar bhordasacha, lena gceiliúrfar cultúr na n-ealaíon agus na cruthaitheachta ar fud an chontae ar féidir le gach duine sult a bhaint as.
- Straitéis agus beartas Ealaíne Poiblí maoirsithe ag Meitheal Loch Garman um Ealaíon Phoiblí atá uailmhianach agus nuálaíoch a fhorbairt, a fhreagraíonn do riachtanais Chontae Loch Garman, agus a chloíonn le treoirlínte dea-chleachtais náisiúnta um ealaíon poiblí.
- An tairbhe is mo a bhaint as scéim an Chéatadáin don Ealaín ar fud gach forbartha caipitil incháilithe de chuid Chomhairle Contae Loch Garman sna blianta amach romhainn.
- Oibriú leis an gcomhairle contae agus le foireann na dTionscadal Speisialta agus comhair a thabhairt dóibh maidir le cláir athbheochana uirbeacha agus tuaithe ar thionscnaimh chruthaitheacha comhdhéanta áite, lena n-áirítear Áiteanna Cruthaitheacha Inis Córthaidh, agus go mbeidh ealaíontóirí, dearthóirí agus daoine cruthaitheacha páirteach ann, chun gur féidir le gach duine sult a bhaint astu.
- Leanúint ag tacú le forbairt Bhailiúchán Ealaíne Chontae Loch Garman méadaithe mar shócmhainn chultúrtha ar leith ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as trí thaispeántais, turais phoiblí agus cláir oideachais for-rochtana.
- Oibriú le Screen Wexford, An Roinn Eacnamaíochta agus Visit Wexford chun Loch Garman a chur chun cinn mar cheann scríbe den scoth le haghaidh léiriúcháin agus infheistíocht scannán agus teilifíse.

# Spríoc 4:

## Tacaigh le healaíontóirí saothar iontach a chruthú a mbainfidh gach duine taitneamh as.

### Áit d'ealaíontóirí & do dhaoine cruthaitheacha

*Tá pobal ealaíonta seanbhunaithe, bríomhar ag Contae Loch Garman a leanann ag fás. Oibríonn ealaíontóirí i go leor disciplíní, lena n-áirítear amharcealaíona, drámaíocht, litríocht, ceol, rince, ceoldráma, scannán, taibhiú sorcais agus ailtireacht nó meascán díobh thuas. Leanann ealaíontóirí de bheith ag obair ar bhealaí nua, trasdisciplíneacha agus nuálaíocha, agus fáiltímid roimh chleachtais ealaíne atá ag teacht chun cinn, chomh maith le healaín a fhreagraíonn go samhláíoch d'áit, do chomhthéacs agus do phobail. Aithníonn Oifig na nEalaíon na dúshláin iomadúla atá le sárú ag ealaíontóirí agus iad ag cothú gairm bheatha. Teastaíonn uainn go mbeadh Loch Garman ina chontae inar féidir le healaíontóirí maireachtáil agus oibriú; a bheith mar bhunait inar féidir leo gairm bheatha a thógáil le tacaíocht ó éiceolaíocht ealaíon agus cultúrtha cumasaithe. Ina theannta sin, tá Oifig Ealaíon Loch Garman tiomanta do rannpháirtíocht ardchaighdeáin a éascú idir ealaíontóirí agus an pobal, agus tacú le healaíontóirí a bheith ag obair i gcomhthéacsanna pobail agus i suíomhanna sláinte, oideachais agus sóisialta eile.*

### Cuspóirí

- Tacaíochtaí a sholáthar d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairmeacha beatha a fhreagraíonn go bríoch dá riachtanais.
- Cinntiú go mbíonn rochtain ag ealaíontóirí ar thimpeallachtaí agus ar spásanna oibre atá oiriúnach agus solúbtha.
- Deiseanna oibre a mhéadú d'ealaíontóirí.
- Tuilleadh deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí atá lonnaithe i Loch Garman a gcuid saothar a nascadh, a líonrú agus a thaispeáint go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Gníomhartha Beartaithe

- Infheistíocht a dhéanamh i sparánachtaí d'ealaíontóirí, cónaitheachtaí, dámhachtainí, forbairt ghairmiúil agus cláir oiliúna, deiseanna meantóireachta agus imeachtaí líonraithe a thacaíonn le healaíontóirí ar fud gach foirm ealaíne.
- Tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar phríomhbhonneagar ealaíon ar fud an chontae agus chun riachtanais ealaíontóirí a fhreagairt.
- Tacú le saothar ealaíontóirí i ngach disciplín a léiriú agus a thaispeáint trí chúnamh airgeadais agus infheistíocht ó Chomhairle Contae Loch Garman in ionaid agus in eagraíochtaí ealaíon ar fud an chontae.
- Deiseanna agus conairí forbartha gairmiúla a chruthú agus a leathnú a ligeann d'ealaíontóirí agus do ghairmithe ealaíon a gcleachtas a chur chun cinn agus a gcumas a a mhéadú gairmeacha inbhuanaithe a chruthú dóibh féin.
- A chinntiú go ndéantar riachtanais ealaíontóirí, spásanna oibre ealaíontóirí agus úsáid ealaíon agus cultúir a mheas agus a chur san áireamh i ndearadh ár ríochta poiblí, ár mbailte agus ár sráidbhailte i gcláir athnuachana na comhairle contae i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe araon.
- Leanúint le deiseanna oibre a sholáthar d'ealaíontóirí trínár gcláir Ealaíona sa Phobal, Ealaíona sa tSláinte, agus Ealaíona san Oideachas, agus cuir oiliúint ábhartha ar fáil chun oibriú i gcomhthéacsanna pobail.
- Níos mó deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí chun buaileadh le healaíontóirí agus le pobail eile agus líonrú a dhéanamh leo.
- Níos mó comhroinnt faisnéise a chumasú ar “cad atá ar siúl” i dtéarmaí gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha i gContae Loch Garman.
- Coimisiúin nua, cónaitheachtaí agus deiseanna eile a chruthú d'ealaíontóirí ar fud foirm ealaíne trí Chlár an Choimisiúin um Chéatadán don Ealaín agus um Ealaín Phoiblí, atá ag teacht le treoirlínte dea-chleachtais ealaíne poiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Tógáil ar dheiseanna malartaithe cónaitheachta straitéiseacha nua agus iad a thionscnamh d'ealaíontóirí atá lonnaithe i Loch Garman, go náisiúnta, sa RA, agus san Eoraip agus comhpháirtithe ábhartha agus deiseanna maoinithe a shainaitheint.
- Deiseanna taispeántais a chruthú d'ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chlár taispeántais bliantúil Sráideanna Halla an Chontae.
- Leanúint ag obair le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun oiliúint forbartha gairmiúla a chur ar fáil d'ealaíontóirí.

# Spríoc 5:

## Loch Garman a fhorbairt agus a mhargaíocht a dhéanamh air mar Thimpeallacht Tarraingteach le haghaidh gnólachtaí atá ag tosú agus ag fás.

### Na hEalaíona agus na tionscail chruthaitheacha

*Go traidisiúnta i gContae Loch Garman ba iad na hearnálacha talmhaíochta, iascaireachta agus déantúsaíochta na tionscail ba thábhachtaí don gheilleagar agus tionscal atá fás agus a chuireann go mór leis an ngeilleagar áitiúil i an turasóireacht. Tá an fás náisiúnta agus go hidirnáisiúnta sa tionscal Scannán Teilifíse, Scáileáin agus AV le feiceáil i Loch Garman le bunú Screen Wexford agus le déanaí tháinig Tara Studios go Loch Garman Thuaidh. Tá ról ríthábhachtach ag ealaíontóirí agus ag na tionscail chruthaitheacha i seirbhísiú an tionscail seo atá ag fás i gcónaí, áit a bhfuil ardáin dáilte leathnaithe mar shampla Netflix, Apple TV srl ina spreagadh le hábhar cruthaitheach nua agus criú scannáin. Tá céatadán an-ard d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus de mhicrifhiontair ag Loch Garman rud a spreagann an geilleagar áitiúil agus a leagann béim ar nádúr fiontraíochta na hearnála gnó. Tá ealaíontóirí agus na tionscail chruthaitheacha ina gcuid ríthábhachtach den earnáil mhicrighnó seo atá ag fású i gcónaí.*



Siút scannánaíochta Dhámhachtaí 'New Voices' Fhís Loch Garman Leah O'Toole.  
Grianghraf le Al Butler

### Cuspóirí

- Forbairt thionscal na Scannán/Scáileáin i Loch Garman a stiúradh trí Screen Loch Garman i gcomhpháirtíocht le Rannóg Eacnamaíochta Chomhairle Contae Loch Garman agus príomhpháirtithe leasmhara eile.
- Na tionscail chruthaitheacha agus forbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha a fhorbairt.
- Béim a chur ar ról na n-ealaíon mar ghorlann agus mar réimse tástála don chruthaitheacht agus don nuálaíocht.

### Gníomhartha Beartaithe

- Leanúint ag tacú le forbairt straitéiseach Screen Loch Garman CLG i gcomhpháirtíocht le Rannóg Eacnamaíochta Chomhairle Contae Loch Garman.
- Tacú le cur chun cinn Loch Garman mar mhol cultúrtha agus cruthaitheach agus mar cheann scríbe don tionscal scannán agus scáileáin.
- Scileanna cruthaitheacha agus inniúlachtaí ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha a fhorbairt a chothaíonn tallann agus a spreagann a bhforbairt sna tionscail chruthaitheacha agus scáileáin.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthraithe náisiúnta agus áitiúla, Ollscoil Theicniúil an Oirdheiscirt ( SETU ) , Amharcealaíontóirí Éireann, Words Ireland, an Oifig Fiontair Áitiúil, Screen Wexford agus comhpháirtithe eile i seachadadh a gcuid oiliúna agus breisoiliúna d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha.
- Comhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt ghairmiúil ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha m.sh. OFÁ, Éire Chruthaitheach, Foireann Chultúir, Hatch Lads, Páirceanna Teicneolaíochta.
- Tacú le tallann dhúchasach áitiúil trí dhámhachtainí bliantúla i sparánachtaí sa tionscal scannán/scáileáin.

# Spríoc 6:

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun cinn.

### Na healaíona agus an timpeallacht

Tá go leor acmhainní nádúrtha uathúla ag Loch Garman, bithéagsúlacht shaibhir, cóstaí eisceachtúla, tránna, tearmainn don fhiadhúlra, agus saibhreas oidhreachta seandálaíochta, cultúrtha agus tógtha. Chruthaigh an t-athrú aeráide agus an ghéarchéim aeráide reatha dúshlán nua dúinn go léir, chun an méid atá againn a chosaint, chomh maith leis an ngá le hoiriúnú agus bearta réamhghníomhacha a ghlacadh. Tá Straitéis um Athrú Aeráide agus Oiriúnaithe, Pleananna Oidhreachta & Bithéagsúlachta ag gach údarás áitiúil agus tá Foirne Gníomhaíochta Aeráide bunaithe acu chun an straitéis seo a mhaoirsiú agus a chur i bhfeidhm. Tá cur chuige tras-rannach i leith na hoibre seo riachtanach. Is féidir leis na healaíona príomhról a bheith acu i spás a chruthú do phobail áitiúla chun dul i mbun comhphlé, machnamh a dhéanamh agus spreagadh a thabhairt d'athrú iompraíochta maidir le gníomhaíocht aeráide. Tá príomhról ag na healaíona agus cruthaitheacht freisin maidir lenár n-acmhainní nádúrtha agus ár mbithéagsúlacht uathúil a chur os comhair an phobail agus a cheiliúradh.

### Cuspóirí

- Acmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht uathúla Loch Garman a cheiliúradh trí na healaíona agus trí gníomhaíocht chruthaitheach.
- Athrú iompair a chur chun cinn agus gníomhú dearfach ar son na haeráide a spreagadh trí na healaíona.

### Gníomhartha Beartaithe

- Leanúint ag obair go tras-rannach laistigh den Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide chun cláir ealaíon a aithint agus comhshaoil dearfach, bithéagsúlacht agus gníomhaíocht aeráide a thacú agus a chur chun cinn agus chun torthaí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Inbhuanaitheacht comhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide a chuimsiú mar shnáithe cláir i bPolasaí agus i Straitéis Ealaíon Poiblí Loch Garman agus i gclársceidealú an Chéatadáin don Ealaín.
- Oibriú leis an bhFoireann Chultúir, le hÉire Chruthaitheach, leis an gComhairle Ealaíon agus le Áiteanna Cruthaitheacha Inis Córthaidh agus comhpháirtithe ábhartha eile a aithint chun cláir ealaíon um gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt le pobail éagsúla áite agus spéise.
- Tacú le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha sa réimse oibre seo trí chomhpháirtíochtaí a éascú, trí naisc a dhéanamh le pobail áitiúla sna cúig cheantar bhardasacha, trí dheiseanna maoinithe a aithint, chomh maith le breisoiliúint ábhartha agus forbairt ghairmiúil.
- Tacú le hionaid ealaíon, féilte, grúpaí pobail agus ealaíontóirí chun tionscnaimh ghlaisithe a fhorbairt a nascann le treoirlínte náisiúnta dea-chleachtas tríd an gComhairle Ealaíon agus go hidirnáisiúnta trí Eoraip Chruthaitheach.
- Comhpháirtíochtaí breise a aithint agus a fhorbairt go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le gníomhaíocht ealaíon agus chruthaitheach maidir le gníomhú ar son na haeráide.



Ceardlann scoile 'Reimagining Enniscorthy', 2023.  
Grianghraf le Elaine Harrington



'An Urgent Enquiry' Clár Ealaíne Poiblí,  
Ceardlann le Mark Clare & Mairead Stafford, 2019.  
Grianghraf le Brian Cregan

# Caibidil 5

Cur i  
bhFeidhm  
agus  
Athbhreithniú



## An Plean a Sheachadadh

Tá cur i bhfeidhm an Phlean Ealaíon seo ag brath ar chomhiarracht idir Comhairle Contae Loch Garman, eanáil na n-ealaíon agus an chultúir agus ár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, arna stiúradh agus arna gcomhordú ag Oifig Ealaíon Loch Garman. Cuirfear an plean seo i bhfeidhm ar leibhéal éagsúla agus beidh freagracht dhíreach ar an Oifig Ealaíon as roinnt gníomhartha, agus beidh páirtíocht i gcomhpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara ealaíon agus gníomhaireachtaí poiblí go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta i gceist le cinn eile.

## Comhpháirtíochtaí agus infheistíocht

Tá tacaíocht leanúnach na Comhairle Ealaíon trína hinfheistíocht sna healaíona i gContae Loch Garman, trí ionaid ealaíon, féilte, sparánachtaí ealaíontóirí, chomh maith le hoifig ealaíon Loch Garman agus scéim tacaíochta um Sholáthar Foirne Speisialaithe na Comhairle Ealaíon ina phríomhfachtóir don rathúlacht freisin. Chuige sin cinnteoidimid ailíniú ár dtosaíochtaí do na healaíona i gContae Loch Garman trí Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe agus nuashonraithe idir Comhairle Contae Loch Garman agus an Chomhairle Ealaíon.

Oibreoidh an Oifig Ealaíon, le tacaíocht ó chomhpháirtithe, chun aon acmhainní breise airgeadais, foirne nó eile a fháil, de réir mar is gá, lena chinntiú go gcuirfear an plean i gcrích go hiomlán. Leanfaimid ag obair go dlúth leis an bhFoireann Chultúir agus leis an gClár Éire Chruthaitheach, chun comhchuspóirí an Phlean Ealaíon agus na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta a bhaint amach.

Tiocfaidh tuilleadh acmhainní maoinithe chun cinn tríd an gClár Céatadán don Ealaín a dhéanfar é a dhaingniú agus a chomhthiomsú go réamhghníomhach sna blianta amach romhainn. Leanfaimid ag cur lenár gcomhpháirtíocht fhadtéarmach lenár bpríomhpháirtithe agus ag forbairt cinn nua. Déanfaimid ár n-obair tras-ranna laistigh den Chomhairle a neartú agus trí sin a dhéanamh bainfimid leas as acmhainní breise do na healaíona agus don chruthaitheacht laistigh den eanáil reachtúil agus pobail.

## Monatóireacht agus meastóireacht

Cinntoidh cur i bhfeidhm an phlean seo cuntasacht agus trédhearcacht. Cruthóidh an Oifig Ealaíon pleananna oibre bliantúla ina n-áireofar gníomhartha chun gach ceann de na cuspóirí sainaitheanta a chur chun cinn trí thuarisciú rialta do Chomhairle Contae Loch Garman. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach tríd an gComhairle, agus i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis Áitiúil, a chuimsíonn cuntas ar a bhfuil bainte amach agus ar an dul chun cinn ina seachadadh. Déanfar athbhreithniú leath bealaigh in 2025. Tríd an bPlean Ealaíon seo, comhlíonfaidh Comhairle Contae Loch Garman a cuid oibleagáidí maidir leis na healaíona a spreagadh, a fhorbairt agus a chur chun cinn mar a ordáítear faoin Acht Ealaíon na nÚdarás Áitiúil 2003, chomh maith lena fás leanúnach ar mhaithe le cách a chinntiú.

*“Déanfaimid ár n-obair tras-ranna a dhoimhniú laistigh den Chomhairle agus trí acmhainní breise a ghíaráil do na healaíona agus don chruthaitheacht.”*



‘Right of Way’ taispeántas le Laura Fitzgerald, Buaiteoir Dhámhachtain Emergence 2020-2021 in Ionad Ealaíon Loch Garman, 2022. Grianghraf ag Ionad Ealaíon Loch Garman

# ADMHÁLACHA

Buíochas ó chroí leis na healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí pobail, daoine óga agus daoine aonair a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin don Phlean Ealaíon seo. Buíochas le comhghleacaithe Chomhairle Contae Loch Garman agus leis an bhfoireann cultúir a chuir a gcuid ama agus saíneolais leis an bplean agus le comhaltaí tofa Chomhairle Contae Loch Garman as a n-ionchur agus a dtacaíocht leanúnach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do:

John Fleming – Cathaoirleach Comhairle Contae Loch Garman

Tom Enright – Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Loch Garman

Carolyne Godkin – Stiúrthóir Seribhísí, Comhairle Contae Loch Garman

Eileen Morrissey – Leabharlannaí Contae, Comhairle Contae Loch Garman

Catrina O Sullivan, Eilish Cullen agus Nicola Giltrap – Oifig Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach.

Buíochas ó chroí leis na comhairleoirí Rowena Neville agus Mary Mc Auliffe a thug tacaíocht shaineolach don phróiseas taighde agus comhairliúcháin agus is é an Plean Ealaíon reatha seo an toradh de bharr sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe clár ealaíon go léir, go háirithe An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Music Generation, BOOPLG, FSS agus Éire Ildánach. Táim ag tnúth leis na comhpháirtíochtaí seo a neartú agus cinn nua a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara eile sna blianta amach anseo.

Liz Burns, *Oifig Ealaíon an Chontae*



# **Comhairle Contae Loch Garman Plean Ealaíon 2023-27**

**Comhairle Contae Loch Garman  
Carraig Lawn  
Loch Garman  
Y35 WY93  
Tel: 053 919 6564 / 6369**